



Chun bheith incháilithe don chreidmheas seo, ní mór do liachleachtóir an fhoirm ICC 2 – Foirm 2 um Éileamh do Leanbh faoi Éagumas a shíniú agus a thíolacadh leis an bhFoirm seo. Chun leas a bhaint as an gcreidmheas cánach seo, ní mór an leanbh a bheith faoi éagumas buan de bharr éiglfocht mheabhrach nó coirp. Caithfidh éagumas an linbh a bheith amhlaidh go gcuireann sé cosc ar an leanbh a bheith in ann iad féin a chothabháil go neamhspleách os cionn 18 bliana d'aois. Má tá an leanbh faoi 18, ní mór an t-éagumas a bheith amhlaidh nach dócha go mbeidh an leanbh in ann iad féin a chothabháil nuair a bhaineann siad 18 mbliana d'aois amach, fiú agus leas á bhaint as cóir leighis, feiste, cógas nó teiripe.

**TABHAIR DO D'AIRE:** Ciallaíonn ‘chothabháil’ chun críche an chreidmheasa cánach seo, an cumas ioncam a thuilleamh le tú féin a chothú.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

An bealach is tapúla agus is éasca do chustaiméirí ÍMAT an creidmheas éileamh ná trí úsáid a bhaint as **mochursaí**. Má íocann tú cáin faoin gcóras féinmheasúnaithe éilítear an creidmheas seo ar do thuairisceán cánach bliantúil faoin mír ‘Leanbh faoi Éagumas’.

**Rannán A      Sonraí an Éilitheora**

Ainm

Seoladh  
(Eircode san áireamh)

UPSP

**Rannán B      Sonraí an Pháiste**

Ainm an Linbh

Seoladh an Linbh,  
murab ionann agus an  
seoladh thuas  
(Eircode san áireamh)

Dáta Breithe 



 UPSP

An gaol leatsa

Murach tusa tuismitheoir an linbh, an bhfuil an leanbh go hiomlán faoi do chúram? Tá  Níl

Cineál an Éagumais

An éagumas buan é? Is ea  Ní hea

An éagumas ón mbreith é? Is ea  Ní hea

Murab ea, luaigh dáta na diagnóise

An bhfuil an leanbh á chothabháil ag aon duine eile? Tá  Níl

Má Tá, comhlánaigh 1 – 3:

1. Ainm agus seoladh  
an éilitheora eile  
(Eircode san áireamh)

UPSP (más eol)

2. Méid na ranníocaíochta a thugann tusa sa bhliain € 



, 



 .00

3. Méid na ranníocaíochta a thugann an duine eile sa bhliain € 



, 



 .00

## Duine clainne níos sine ná 18

Sonraigh ainm agus seoladh na scoile má bhí an duine clainne i mbun oideachas lánaimseartha nuair a tháinig an t-éagumas aníos, nó ainm an fhostóra<sup>1</sup> más rud é, nuair a tháinig an t-éagumas aníos, go raibh an duine clainne i mbun oiliúint lánaimseartha ar cheird nó ar ghairm a bhí ceaptha maireachtáil dhá bhliain ar a laghad.

## Rannán C – Creidmheas Cánach a Dheonú

Má tá tú i dteideal creidmheas cánach a fháil don bhliain reatha, déanfaidh muid do dheimhniú creidmheasanna cánach a thabhairt suas chun dáta chun an creidmheas breise a léiriú. Cuirfidh muid an t-eolas seo chuig d'fhostóir. Aon aisíocaíocht dhlite i dtaca leis an mbliain reatha, déanfaidh d'fhostóir é a íoc leat trí do phá.

### Aisíocaíochtaí

Má tá tú i dteideal an chreidmheasa cánach do bhlianta roimhe seo, féadfaidh sé go mbeidh aisíocaíocht chánach dlite duit. Más mian leat go n-íofar go díreach isteach i do chuntas bainc é, cuir isteach sonraí do chuntais bainc.

Tabhair do d'aire: Tá sé níos tapúla íocaíochtaí a fháil go leictreonach seachas le seic.

### An Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)

Tá Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN) agus Cóid Aitheantais Bainc (BIC) tagtha in áit uimhreacha cuntais bainc agus cóid sórtála. Is gnách na huimhreacha seo a bheith le fáil ar do ráitis cuntais bainc. Ní féidir aisíocaíocht a dhéanamh go díreach chuig cuntas bainc eachtrach nach bhfuil páirteach in SEPA. Féadtar tuilleadh eolais ar SEPA a fháil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

### Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN) (Uasmhéid 34 caractar)

### Cód Aitheantais Bainc (BIC) (Uasmhéid 11 caractar)

**Tabhair do d'aire:** Déanfar aon aisíocaíocht eile ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gcuntas bainc seo mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

### Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an leanbh atá ainmnithe ar an bhfoirm éilimh seo faoi éagumas buan de bharr éiglíocht mheabhrach nó coirp maidir le hiad féin a chothabháil agus dearbhaím go bhfuil na sonraí go léir ar an bhfoirm seo cruinn ar feadh m'eolais agus mo thuairime. Geallaim na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas láithreach má athraíonn aon rud a bhaineann le mo theidlíocht don creidmheas cánach seo.

Síniú

Dáta

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Rphost

Fón

### Pionóis

Tá foráil sa dlí cánach le pionóis a ghearradh orthu siúd a dhéanann ráiteas bréagach nó éileamh ar chreidmheasanna cánach nó ar fhaoisimh nach bhfuil dlite.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánaacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideacht** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

<sup>1</sup> Ciallaíonn “fhostóir” duine ar bith a sholáthraíonn oiliúint don duine clainne d’aon cheird nó gairm.